NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Dátaí tábhachtacha do na Measúnuithe Rangbhunaithe in 2018/2019

Leathnaíodh na bandaí ama inar féidir tabhairt faoi na Measúnuithe Rangbhunaithe, cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus Tascanna Measúnaithe (nuair is ábhartha), de réir chiorclán 0079/2018 ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Féadfaidh scoileanna cloí leis na dátaí a ceapadh cheana sna Treoirlínte Measúnaithe ábhartha nó tairbhe a bhaint as an tsolúbthacht a bhaineann leis na tréimhsí níos faide thíos.

D'ainneoin na solúbthachta breise sin, caithfear na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích sa achar sannta (m.sh. trí seachtaine, ceithre seachtaine) a shonraítear sna Treoirlínte Measúnaithe do gach ábhar[1]. Ba chóir an Tasc Measúnaithe i ndiaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2 a sceidealú laistigh de sheachtain ó chríochnú an Mheasúnaithe Rangbhunaithe.

Cohórt scoláirí 2016–2019 (sa tríú bliain)

Measúnú Rangbhunaithe 2 agus Tasc Measúnaithe le haghaidh Bhéarla, Eolaíocht agus Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí

Na dátaí ina gcaithfear *Cur i láthair Staidéar Gnó* agus *Iniúchadh Eolaíochta sa tSochaí* a chur i gcrích An dáta deiridh don scoláire chun *The Collection of Student's Texts* sa Bhéarla a chur i gcrích	Dé Luain, 12 Samhain 2018 – Dé hAoine, 15 Márta 2019 Dé hAoine, 15 Márta 2019
An dáta deiridh chun an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích	Dé hAoine, 22 Márta 2019
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, 5 Aibreán 2019
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, 12 Aibreán 2019

[1] Tosaíonn Measúnú Rangbhunaithe 2 sa Bhéarla ag tús an dara bliain. Is é an dáta bunaidh lena chur i gcrích an 30 Samhain 2018 agus is é an dáta is deireanaí chun é a chur i gcrích an 15 Márta 2019. Cinnfidh an scoil an dáta críochnaithe.

Cohórt scoláirí 2017–2020 (sa dara bliain)

Measúnú Rangbhunaithe 1 le haghaidh Bhéarla, Staidéar Gnó, Eolaíocht, Nuatheangacha Iasachta (Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis) agus Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí in 2019

Na dátaí ina gcaithfidh an scoláire Measúnú Rangbhunaithe 1 le haghaidh Béarla, Eolaíochta, Staidéar Gnó, Nuatheangacha Iasachta agus Amharc-ealaíne a chur i gcrích[2]	Dé Luain, 7 Eanáir 2019 go dtí Dé Luain, 20 Bealtaine 2019
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé Céadaoin, 22 Bealtaine 2019
An dáta deiridh chun *an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair* a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé Luain, 27 Bealtaine 2019

[2] Tá tréimhse 14 seachtaine ar fáil do Mheasúnú Rangbhunaithe 1 san Amharc-ealaín, agus eiseoidh CNCM téamaí an 7 Eanáir 2019.